**M.48T**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000**

# EACNAMAÍOCHT BHAILE (EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA)

# ARDLEIBHÉAL

---

**DÉARDAOIN, 15 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 go dtí 12.15**

---

(400 marc)

Ní mór **cúig** cheist a fhreagairt.
Ní mór **dhá cheist** a roghnú as **gach** Roinn ar leith; an cheist eile ar rogha an iarrthóra.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

---

Ní mór **cúig** cheist a fhreagairt.
Ní mór **dhá cheist** a roghnú as **gach** Roinn ar leith; an cheist eile ar rogha an iarrthóra.

## ROINN 1 – EOLAÍOCH

1. Tabhair cuntas ar an structúr ceimiceach a bhaineann le carbaihiodráití.
Déan cur síos ar airíonna a bhaineann le **(i)** siúcra; **(ii)** stáirse agus **(iii)** ceallalós.
Mínigh conas a dhéantar áireamh ar luach fuinneamh bia agus déan tagairt don luach fuinnimh a bhaineann le próitéin, saill agus carbaihiodráit.
Mínigh gach ceann díobh seo a leanas: meitibileacht; bunráta meitibileach; cilicalra.

2. Pléigh luach cothaitheach agus luach diaitéiteach feola.
Breacrianaigh na tosca a théann i bhfeidhm ar righneas feola agus déan cur síos ar mhodhanna éagsúla a úsáidtear chun feoil a mhaothú.
Ag baint úsáide as mairteoil **nó** as uaineoil, tabhair treoracha faoi mhias phríomhchúrsa a bheadh oiriúnach do dhinnéar ceiliúrtha do cheathrar dhéagóir a ullmhú, a chócaráil agus a riar.
Scríobh nóta gearr ar fheoil ata folúsphacáilte.

3. Tabhair mionchuntas **(i)** ar shuíomh, **(ii)** ar structúr agus **(iii)** ar fheidhm an chórais atáirgthe fireann . Bain úsáid as léaráid lipéadaithe chun do fhreagra a léiriú.
Mínigh feidhm **gach ceann** díobh seo a leanas. : **(i)** éastraigin; **(ii)** prógaistéarón; **(iii)** téististéarón.

4. Minigh conas a tharlaíonn nimhiú baictéarach bia.
Ainmnigh agus déan cur síos ar **dhá** bhaictéar is cúis le nimhiú bia agus luaigh na foinsí agus an modh ionfhabhtaithe i ngach cás.
Ag baint úsáide as comhábhair úra, déan mion cur síos ar conas a d'ullmhófá casaról sicín nó pióg sicín a bheadh oiriúnach le reo. Luaigh conas ba chóir an mhias reoite a dhíshioc agus a ullmhú le riar.

## <u>ROINN 11 – SÓISIALTA</u>

5. Is céim fhorbartha é an ógántacht lena mbaineann go leor athruithe agus brú. Tabhair cuntas ar roinnt de na h-athruithe agus ar an mbrú a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar dhaoine óga le linn a n-ógántacha.
Pléigh an chabhair a d'fhéadfadh obair ógra a dhéanamh i bhforbairt daoine óga.
Déan achoimre ar na tosca ba chóir a chur san áireamh nuair a bhíonn club ógra á chur ar bun agus luaigh na tréithe atá riachtanach do cheannaireacht éifeachtach.

6. Ta Éire i measc tíortha Aontais Eorpaigh a bhfuil leibhéal ard bochtaineacht choibhneasta iontu. Tabhair sainmhíniú ar na téarmaí *dearbh bhochtaineacht* agus *bochtaineacht choibhneasta.*
Tabhair cuntas ar **(i)** na cúiseanna agus **(ii)** na héifeachtaí a bhaineann le bochtaineacht mar atá in Éirinn an lae inniu.
Ainmnigh agus déan cur síos ar <u>**trí**</u> straitéis Rialtais chun an bhochtaineacht a mhaolú.
Scríobh gearrchuntas ar fheidhmeanna *An Ghníomhaireacht in aghaidh na Bochtaineachta. (Combat Poverty Agency).*

7. Déan achoimre ar na príomhthosca a théann i bhfeidhm ar dhuine agus tithíocht á roghnú aige/aici.
Leag amach torthaí staidéir a rinne tú ar thithíocht údaráis áitiúil/sóisialta.
Déan tagairt do <u>**gach ceann**</u> díobh seo a leanas:
**(i)** na tosca ar a mbraitheann intofacht;
**(ii)** an réim tithíochta a chuirtear ar fáil;
**(iii)** conas a dhéantar áireamh ar chíos;
**(iv)** <u>**dhá**</u> scéim a oibríonn na húdaráis áitiúla d'fhonn a chur ar chumas daoine a dteach féin a cheannach.

8. Déan luach cócaireán micreathoinne a mheas. Cuir san áireamh tagairt do chineálacha éagsúla atá ar fáil agus cócaireáin chomhchineálach san áireamh freisin. Luaigh an cócaireán micreathoinne a mholfá do chistin teaghlaigh. Tabhair cuntas iomlán ar an bhfearas agus déan tagairt do: **(i)** structúr; **(ii)** prionsabal oibrithe; **(iii)** cúram agus glanadh; **(iv)** gnéithe nua-aimseartha; **(v)** costas.

9. Liostaigh na gnéithe de dheachóras draenála i dteach.
Tabhair cuntas léirithe ar chóras draenála teaghlaigh agus luaigh feidhm **(a)** an phíobán scaoilte agus **(b)** an dúnphoill iniúchta .
Breacrianaigh **(i)** ról an tomhaltóra agus **(ii)** ról na n-údarás áitiúla i ndéileáil leis an fhadhb atá ag méadú faoi dhiúscairt dramhaíola.
Ainmnigh eagraíocht amháin a bhíonn ag déileáil le ceisteanna na timpeallachta agus breacrianaigh a cuid gníomhaíochtaí.